**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1788 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Deireadh Fómhair 2021**

**lena gcuirtear ar fionraí dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 14(4) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. **NÓS IMEACHTA**

(1) An 14 Lúnasa 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála ("an t-imscrúdú") i ndáil le hallmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim, ("AFRPanna" nó "an táirge faoi imscrúdú") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("DPS", "an tSín" nó "an tír lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán [2].

(2) An 12 Aibreán 2021, d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála shealadach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún [3] ("an Rialachán sealadach").

(3) An 13 Iúil 2021 chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an nochtadh deiridh"). Thairis sin, fuair na páirtithe leasmhara nochtadh breise an 13 Lúnasa 2021 ("an chéad nochtadh deiridh breise") agus an 3 Meán Fómhair 2021 ("an dara nochtadh deiridh breise"). Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh agus an nochtadh breise.

(4) Tar éis an nochta deiridh, chuir Airoldi Metalli S.p.a. ("Airoldi"), Valeo Systèmes Thermiques SAS ("Valeo") agus cuideachtaí gaolmhara, agus TitanX Engine Cooling AB ("TitanX") faisnéis ar fáil maidir le hathrú ar dhálaí margaidh a tharla tar éis na tréimhse imscrúdaithe ("TI") (1 Iúil 2019 – 30 Meitheamh 2020) agus mhaígh siad go dtabharfaí leis na hathruithe sin údar leis na bearta a chur ar fionraí, i gcomhréir le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán.

(5) An 28 Iúil 2021, chinn an Coimisiún, ar rún uaidh féin, iarraidh ar na páirtithe leasmhara san Aontas barúlacha a thabhairt faoin 12 Lúnasa 2021 maidir leis an bhféidearthacht bearta cinntitheacha a chur ar fionraí in am agus i dtráth. Iarradh freisin ar na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus a gcomhlachas faisnéis iarthréimhse imscrúdaithe a chur ar fáil maidir le táscairí díobhála áirithe. Fuarthas barúlacha ó na trí tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais, ó European Aluminium ("EA"), ó 12 úsáideoir agus a gcomhlachas agus ó chúig allmhaireoir agus

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
[2] IO C 268, 14.8.2020, lch. 5.
[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021, lena bhforchuirtear dleacht shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 124, 12.4.2021, lch. 40).

a gcomhlachais. Chomh maith leis sin, chuir na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus EA ar fáil an fhaisnéis a iarradh maidir le táscairí áirithe. Tar éis an sprioc-ama le haghaidh barúlacha, an 20 Lúnasa 2021, thug EA aghaidh freisin ar litir chuig an gCoimisiún inar chuir sé in iúl go raibh sé i gcoinne fionraí féideartha ar na bearta. Rinne Euranimi agus Airoldi trácht ar litir EA.

(6) An 1 Meán Fómhair 2021, nocht an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige na bearta a chur ar fionraí ar feadh 9 mí ón dáta a fhorchuirtear iad agus d'iarr sé ar na páirtithe barúlacha a thabhairt faoin 6 Meán Fómhair 2021.

(7) Tar éis an nochta, mhaígh EA gur sháraigh an t-am a tugadh chun an t-iarratas ar bharúlacha a luaitear in aithris (5) a fhreagairt, gur sháraigh sé Airteagal 6(2) den bhun-Rialachán mar nár tugadh ach 15 lá do na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus do EA freagra a thabhairt in ionad na 30 lá a luaitear i bhforáil den sórt sin.

(8) Mheas an Coimisiún, murab ionann agus an méid is infheidhme i gcomhthéacs imscrúduithe, amhail iad siúd a tionscnaíodh de bhun Airteagal 5, Airteagal 11(2) nó 11(3) den bhun-Rialachán, mheas sé nach bhfuil feidhm ag Airteagal 6(2) i gcomhthéacs Airteagal 14(4), i gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar cheart dleachtanna a chur ar fionraí. Níl aon tagairt do sprioc-amanna sonracha ná d'fhorálacha eile den bhun-Rialachán ina leith sin in Airteagal 14(4). In aon chás, an sprioc-am a leagadh síos chun an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil, mheas an Coimisiún go raibh sé réasúnta i bhfianaise an raoin feidhme theoranta (sé cheist oscailte agus gan ach líon srianta táscairí i gcomparáid le ceistneoir caighdeánach) agus na tréimhse a chumhdaigh sé (12 mhí). Thairis sin, rinne an Coimisiún iarracht freastal ar an iarraidh a rinne tionscal an Aontais ar shíneadh trí 2-4 lá oibre breise (ag brath ar chineál na faisnéise) a dheonú do na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a bhfreagraí iomlána a chur ar fáil. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go raibh dóthain ama ag tionscal an Aontais chun an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil agus diúltaíodh don mhaíomh sin.

(9) Tar éis an nochta, mhaígh EA agus Elval Halcor S.A. ("Elval") nach raibh na páirtithe iarrthacha ionadaíoch ar úsáideoirí agus allmhaireoirí an Aontais. D'áitigh siad gur nós imeachta sonrach difriúil an nós imeachta chun dleachtanna frithdhumpála a chur ar fionraí ar cheart go mbainfeadh sé tairbhe as na cearta agus na ráthaíochtaí nós imeachta céanna agus atá ag imscrúduithe tosaigh agus athbhreithnithe. Go háirithe, mhaígh siad gurbh ionann tomhaltas bliantúil AFRPanna an dá úsáideoir a d'iarr go gcuirfí na bearta ar fionraí, gurbh ionann a dtomhaltas agus níos lú ná 5 % de mhargadh an Aontais agus dá gcinnfí iad a chur ar fionraí go mbeadh sé díréireach lena n-ionadaíochas ar mhargadh iomlán an Aontais.

(10) Thairis sin, mhaígh EA nár áirithigh an Coimisiún gur cuireadh EA ar an eolas maidir le hábhair na n-iarrataí sin agus dá bhrí sin gur sháraigh sé a oibleagáid chun a áirithiú go raibh rochtain ag na páirtithe uile ar an bhfaisnéis chéanna go tráthúil. Go háirithe, d'áitigh sé gur comhdaíodh na hiarratais ag céim dhéanach, sin nó bhí siad doiléir, gan tagairt d'Airteagal 14(4) agus nach raibh aon fhianaise ag tacú leo. Ar an mbonn sin, mhaígh EA gur eisiadh páirtithe ón deis an méid a mhaígh iarratasóirí áirithe a bhréagnú de bharr easpa dea-rialachais an Choimisiúin agus dá bhrí sin gur tugadh tús áite do na páirtithe a rinne maíomh. Thairis sin, mhaígh EA gur cheart na hiarrataí maidir le fionraí a chur faoi bhráid "Oifig na nGearán" chun a chinneadh ar chomhlíon siad na critéir le haghaidh imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, mhaígh EA gur caitheadh leis ar bhealach a bhí idirdhealaitheach agus a sháraigh Airteagal 19(2), mar nach raibh sé ar an eolas maidir leis na hiarrataí.

(11) Dhiúltaigh an Coimisiún go daingean do na maímh sin. Contrártha le hAirteagal 4(1) den bhun-Rialachán, ní dhéantar foráil in Airteagal 14(4) maidir le haon cheanglas dlíthiúil i bhfoirm céatadán ionadaitheachta nó seasamh ar son páirtí chun a iarraidh go gcuirfí bearta cinntitheacha ar fionraí. A mhalairt go deimhin, foráiltear leis an Airteagal sin go bhféadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar cheist den sórt sin ar a thionscnamh féin. Mar a thugtar le fios in aithris (5) thuas, thosaigh an Coimisiún ag bailiú faisnéise ar a thionscnamh féin d'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an raibh fionraí mar a fhoráiltear in Airteagal 14(4) iomchuí. In aon chás, tá i bhfad níos mó i gceist leis na húsáideoirí agus na hallmhaireoirí lena mbaineann ná mar a léirigh EA ar an iomlán agus i dtéarmaí sciar de mhéideanna allmhairí ón tír lena mbaineann. Ina theannta sin, níl tagairt in Airteagal 14(4) don ghá go gcuirfeadh páirtithe leasmhara a n-iarraidh maidir le fionraí faoi bhráid "Oifig na nGearán"; ná ní thugtar sainordú le foráil den sórt sin maidir le nós imeachta sonrach le haghaidh seirbhísí an Choimisiúin chun cinneadh a dhéanamh maidir le himscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na gnéithe in Airteagal 14(4) comhlíonta. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(12) Chomh fada a bhaineann sé leis na hiarrataí maidir le fionraí, ní dhéantar foráil in Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán maidir leis an deis do pháirtithe barúil a thabhairt ar na hiarrataí maidir le fionraí. In aon chás, mheas an Coimisiún go raibh neart deiseanna ag EA barúil a thabhairt maidir le fionraí féideartha na mbeart tar éis do thorthaí cinntitheacha an Choimisiúin a bheith nochta, torthaí ina ndearnadh tagairt don fhéidearthacht sin (féach aithris (367) den nochtadh deiridh) agus tar éis don Choimisiún a iarraidh air barúlacha a thabhairt maidir leis an bhféidearthacht bearta cinntitheacha a chur ar fionraí dá dtagraítear in aithris (5).

(13) Thairis sin, bhí deis ag EA barúil a thabhairt ar na hiarrataí maidir le fionraí tar éis na mbarúlacha a chomhdaigh Airoldi an 30 Iúil 2021 agus na mbarúlacha athbhreithnithe a chomhdaigh Valeo an 27 Lúnasa 2021 inar iarr siad go gcuirfí na bearta ar fionraí mar a luaitear in aithris (4). Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go raibh na hiarrataí sin maidir le fionraí bunaithe ar mhaímh eile, ó thaobh ábhair de, maímh a bhí curtha ar fáil ag na páirtithe a rinne na hiarrataí cheana féin, le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, bhí neart deiseanna ag EA barúil a thabhairt ar na maímh sin. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur léirigh na gnéithe sin dálaí margaidh ar tháinig athrú sealadach orthu, rud a bhí curtha san áireamh ag tionscal an Aontais é féin le linn an imscrúdaithe mar a luaitear in aithris (528) den Rialachán cinntitheach.

(14) Dúirt EA freisin gur mheasa an easpa próis chuí de bharr na teorann ama 3 lá oibre a bhí leagtha síos chun barúil a thabhairt agus mhaígh sé gur sháraigh an sprioc-am chun barúlacha a thabhairt ar an doiciméad nochta fionraí, gur sháraigh sé Airteagal 20(5) den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, diúltaíodh dá iarraidh ar shíneadh ama leis an sprioc-am gan údar cuí. Mhaígh EA gur cheart go mbeadh sprioc-am 10 lá ar a laghad ann chun barúlacha a thabhairt.

(15) Mheas an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag Airteagal 20(5) den bhun-Rialachán i gcomhthéacs Airteagal 14(4). Go deimhin, ní thagraíonn Airteagal 14(4) d'Airteagal 20(5) chomh fada a bhaineann le barúlacha agus, contrártha le hAirteagail eile de chuid an bhun-Rialacháin, ní shonraíonn sé an líon laethanta le tabhairt chun dul i gcomhairle le tionscal an Aontais. Thairis sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 14(4) ach go dtabharfaidh an Coimisiún "deis barúil a thabhairt" do thionscal an Aontais, gan aon sprioc-am éigeantach a shonrú ina leith sin. Bhí trí lá oibre ag tionscal an Aontais, rud a d'fhág go raibh sé in ann barúlacha fónta a thabhairt.

(16) Bhí an Coimisiún tar éis ceist a chur ar thionscal an Aontais sa cheistneoir a chuir sé amach an 28 Iúil cén dearcadh a bhí aige ar an bhféidearthacht maidir le fionraí agus sa doiciméad nochta dar dáta an 1 Meán Fómhair bhí roinn ar "Seasamh thionscal an Aontais". Sa chomhthéacs sin, ní raibh sé míréasúnta 3 lá oibre a fháil chun barúlacha a thabhairt maidir le measúnú an Choimisiúin ar fhaisnéis agus tuairimí a cuireadh isteach roimhe sin. Dá bhrí sin, níor ghá síneadh leis an sprioc-am a thabhairt. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(17) An 8 Meán Fómhair 2021, léirigh EA a ábhair imní arís in éisteacht os comhair an Oifigigh Éisteachta agus d'iarr sé uirthi cinneadh oibríochtúil a dhéanamh chun bac dlíthiúil a chur ar an gCoimisiún cinneadh maidir le fionraí a dhéanamh ag an gcéim sin mar gheall ar earráidí suntasacha nós imeachta, agus earráidí substainteacha sa dréachtchinneadh. Tar éis éisteacht bhréagnaitheach, tháinig an tOifigeach Éisteachta ar an gconclúid nach raibh sprioc-amanna sonracha ná rialacha nós imeachta, a líomhnaítear a sáraíodh, in Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán. Thug sí dá haire gur léir go raibh EA ar an eolas faoi fhionraí féideartha ó fuair sé an ceistneoir a seoladh an 28 Iúil. Mhol sí freisin don Choimisiún córas faireacháin iar-chinnidh éifeachtach a bhunú ionas go bhféadfadh an Coimisiún freagairt go mear dá dtiocfadh athrú ar na himthosca.

(18) An 11 Deireadh Fómhair 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ([4]) ón gCoimisiún ("an Rialachán cinntitheach"), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (an táirge lena mbaineann). Is idir 14,3 % agus 24,6 % atá rátaí na dleachta frithdhumpála.

(19) Tar éis don Choimisiún a chinneadh ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil go raibh údar le dleachtanna frithdhumpála a fhorchur, scrúdaigh an Coimisiún tuilleadh an mbeadh údar leis na dleachtanna frithdhumpála a forchuireadh ar an táirge lena mbaineann a chur ar fionraí i bhfianaise na gcoinníollacha faoi Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021, lena bhforchuirtear dleacht chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (féach leathanach 6 den Iris Oifigiúil seo).

2. **SCRÚDÚ AR dhálaí margaidh a athraíodh**

(20) Foráiltear le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán go bhféadfar, chun leas an Aontais, bearta frithdhumpála a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil athrú sealadach tagtha ar dhálaí margaidh a mhéid nach dócha go ndéanfaí díobháil arís de dheasca na fionraí.

(21) Léiríodh leis an imscrúdú a raibh an Rialachán cinntitheach mar thoradh air gur tháinig méadú 70 % ar allmhairí Síneacha le linn na tréimhse a breithníodh (2017 – Meitheamh 2020) agus gur tháinig caillteanais mhóra táirgeachta (11 %), díolacháin (14 %), sciar margaidh (3 %) agus brabúsachta (ó 3,1 % in 2017 go -1,8 % sa tréimhse imscrúdaithe) as sin le haghaidh thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go raibh díobháil ábhartha déanta ar thionscal an Aontais mar thoradh ar allmhairí dumpáilte.

(22) Bhí an dara leath den tréimhse imscrúdaithe ann ag an am céanna le paindéim COVID, tráth ar mhoilligh an geilleagar, rud a rinne laghdú ar an éileamh agus laghdú ar acmhainneacht, ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin i dtionscal an Aontais ina dhiaidh sin. Mar sin féin chinn an Coimisiún nár mhaolaigh an ghné sin an nasc cúisíoch idir díobháil ábhartha agus allmhairí dumpáilte mar gur tháinig méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte de thionscnamh na Síne cheana idir 2017 agus 2019, roimh phaindéim COVID, agus chuaigh formhór na dtáscairí díobhála in olcas mar thoradh air sin. I gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach raibh sé le leas an Aontais dleachtanna cinntitheacha a fhorchur ar allmhairí AFRPanna de thionscnamh na Síne. Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire gur léirigh na gnéithe a bhí ar fáil an tráth sin go raibh tionchar ag staid shealadach iar-COVID ar phraghsanna, agus nach bhféadfaí téarnamh den sórt sin a thuar ag an staid sin, agus go mbeadh roinnt ama ag teastáil chun go gcuirfeadh an margadh é féin in oiriúint go dtí an téarnamh eacnamaíoch agus go dtí go socródh fás agus go mbeadh éileamh agus soláthar ar comhardú arís.

(23) Leis an anailís a rinneadh ar an bhfaisnéis bhreise a d'iarr an Coimisiún chun scrúdú a dhéanamh, in am trátha, ar an bhféidearthacht na dleachtanna a chur ar fionraí, léiríodh tar éis na tréimhse imscrúdaithe gur tháinig feabhas suntasach ar staid thionscal an Aontais. Sa chéad seimeastar de 2021, tháinig méadú níos mó ná 55 % ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais san Aontas i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdaithe agus tháinig méadú 34 % orthu i gcomparáid le 2017, arbh í an bhliain ab fhearr sa tréimhse a breithníodh. Lena chois sin, tháinig forbairt dhearfach ar an méid táirgeachta agus an acmhainneacht táirgeachta sa tréimhse chéanna, sin méadú 11 % agus 25 % i gcomparáid le 2017. Tháinig méadú 2,4 % ar mheánphraghsanna díola le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas sa chéad seimeastar de 2021 i gcomparáid le 2017 agus tháinig méadú 6,5 % orthu i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdaithe. Bhí an bhrabúsacht chomh hard le 1,9 % sa chéad seimeastar de 2021 ach bhí tionscal an Aontais ag cailleadh airgid sa TI (1,8 %). Freisin, chuir roinnt páirtithe leasmhara fianaise ar fáil a léirigh nach raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann na táirgí a iarradh a sholáthair mar gur shroich siad lánacmhainn orduithe le haghaidh 2021 agus an chéad leath de 2022 ar a laghad. Ar an mbonn sin, thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig feabhas, tríd agus tríd, ar staid thionscal an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdaithe.

(24) Tar éis an nochta, mhaígh EA go raibh díobháil ábhartha fós ag baint do thionscal an Aontais bunaithe ar an leibhéal brabúis a baineadh amach in 2021. Thairis sin, thagair EA agus Elval d'fheidhmíocht Valeo Group ([5]) don chéad seimeastar de 2021 (i dtéarmaí EBITDA, díolachán, sreabhadh airgid, orduithe a glacadh isteach) agus dá bhfuil i ndán dó sa bhliain 2021. Ar an mbonn sin, d'áitigh siad go bhfuil cuma shláintiúil ar thionscal na n-úsáideoirí, murab ionann agus tionscal an Aontais atá i bhfad níos leochailí.

(25) I ndáil leis sin, mheas an Coimisiún go raibh an measúnú ar staid díobhála thionscal an Aontais tar éis na TI bunaithe ar mheasúnú ar na táscairí díobhála éagsúla dá dtagraítear in aithris (23) agus ní ar leibhéal na mbrabús amháin. Sa chás seo, chonacthas feabhas suntasach sna táscairí uile ar lena n-aghaidh a d'iarr an Coimisiún faisnéis iar-TI nuair a chuirtear an chéad seimeastar de 2021 i gcomparáid leis an TI. Is amhlaidh atá an scéal nuair a chuirtear sonraí ón gcéad seimeastar de 2021 i gcomparáid le sonraí 2017 cé is moite d'úsáid acmhainneacht agus brabúsacht. Thug an

([5]) https://www.valeo.com/wp-content/uploads/2021/07/PR_Valeo_H1_2021_Results_EN.pdf, léite an 8 Meán Fómhair 2021

Coimisiún dá aire gur tionscnaíodh treocht dhearfach le brabúsacht díolachán le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas ó dheireadh na tréimhse imscrúdaithe, go raibh sí níos airde ná leibhéal 2018 agus go raibh sí ag dul chomh hard le leibhéal brabúis 2017 de réir a chéile, an leibhéal ab airde sa tréimhse a breithníodh. Sa chomhthéacs sin, ní dócha go gcuirfeadh fionraí na mbeart bac ar an treocht dhearfach maidir le brabúis.

(26) Mheas an Coimisiún go raibh an tagairt d'fheidhmíocht agus ionchas Group Valeo míchuí, mar nach raibh baint ag na sonraí comhfhreagracha go heisiach leis an earnáil a úsáideann an táirge faoi imscrúdú ná le gníomhaíochtaí an Aontais. Thairis sin, níor mheas an Coimisiún go raibh feidhmíocht Valeo Group ionadaíoch ar thionscal na n-úsáideoirí, lena n-áirítear oibreoirí eacnamaíocha i go leor earnálacha eile (tógáil agus foirgníocht, pacáistíocht agus feidhmeanna tionsclaíocha eile). Thug an Coimisiún dá aire freisin gurbh ionann Valeo Group a mheas a bheith ionadaíoch ar thionscal na n-úsáideoirí agus maíomh EA a bhréagnú in aithris (9). Ar an mbonn sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(27) Léirigh an anailís ar bharúlacha a fuarthas ó na páirtithe éagsúla a d'eascair as iarraidh an Choimisiúin gur míníodh na forbairtí iar-TI sin le roinnt cúiseanna.

(28) Tháinig méadú ar an éileamh laistigh den Aontas agus lasmuigh de mar thoradh ar an téarnamh eacnamaíoch iar-COVID. Ina theannta sin, úsáideoirí a cheannaíodh earraí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, chuaigh na húsáideoirí sin i muinín thionscal an Aontais nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú, agus mar thoradh air sin tháinig méadú breise ar an éileamh.

(29) Cé gur chuir an tAontas lena acmhainneacht tar éis na tréimhse imscrúdaithe, ní raibh sé in ann freastal ar an éileamh méadaithe le roinnt míonna anuas, de dheasca, i bpáirt, an laghdaithe a rinne sé ar a chumas roimhe. Ina theannta sin, bhí an ganntanas sealadach alúmanaim leathchríochnaithe agus alúmanaim phríomhúil (stailc, cásanna cliste táirgeachta laistigh den Aontas nó lasmuigh de, ardéileamh ar leaca alúmanaim ón Rúis) ina shaintréith den tréimhse iar-TI.

(30) Ar an iomlán, is é an toradh a bhí ar an athrú sealadach a tháinig ar dhálaí margaidh sa chéad seimeastar de 2021 éagothroime idir soláthar agus éileamh. Is é a bhí mar thoradh air sin, i gcleachtas, agaí tionscanta níos faide (ó 4-12 sheachtain faoi ghnáthchúinsí go 6-10 mí) agus ardú suntasach ar phraghsanna táirgí cothromrollta alúmanaim mar iarmhairt ar an méadú ar phraghas alúmanaim LME (breis agus 10 % idir an TI agus an tréimhse bliana a tháinig ina diaidh), préimh alúmanaim (breis agus 13 % idir an TI agus an tréimhse bliana a tháinig ina diaidh) agus na táillí comhshó. An fógra go bhforchuirfí dleacht onnmhairiúcháin 15 % ar alúmanam príomhúil ón Rúis, sin rud eile a raibh tionchar aige ar an méadú ar phréimh alúmanaim.

(31) Ach chuir an Coimisiún na fíorais seo a leanas san áireamh:

— na hiarrachtaí a rinne tionscal an Aontais chun a sholáthar a mhéadú tríd an táirgeacht, an acmhainneacht agus an úsáid acmhainneachta a mhéadú, leanfar leis na hiarrachtaí sin le linn na tréimhse fionraí

— tharla an ganntanas alúmanaim leathchríochnaithe agus alúmanaim phríomhúil go príomha mar gheall ar imeachtaí eisceachtúla

— ní fios cén fhad a mhairfidh an t-athphreabadh láidir tobann nach rabhthas ag súil leis ar éileamh agus meastar go dtiocfaidh laghdú air le himeacht ama agus

— meastar go rachaidh an cháin onnmhairiúcháin ar alúmanam príomhúil ón Rúis in éag i mí na Nollag 2021.

(32) Tar éis an nochta, mhaígh EA nár fíoraíodh na sonraí ar a ndearnadh an cinneadh maidir le fionraí agus nach raibh siad le fáil sa chomhad a bhí ar oscailt lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara.

(33) Mheas an Coimisiún nach bhfuil amhras ar bith ann maidir le staid iar-TI mhargadh an Aontais agus maidir leis an athrú sealadach atá tagtha ar dhálaí margaidh, mar gheall ar an bhfaisnéis atá ar chomhad, lena n-áirítear na barúlacha ar an bhféidearthacht bearta cinntitheacha a chur ar fionraí a cuireadh isteach tar éis don Choimisiún faisnéis a iarraidh mar a luaitear in aithris (5). Na barúlacha sin agus an fhianaise atá ag gabháil leo, amhail ráiteas ó tháirgeoir tábhachtach de chuid an Aontais nach raibh sé in ann a oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh go sealadach i dtéarmaí mhéid na ndíolachán, thacaigh na nithe sin leis na maímh a rinne na páirtithe comhoibríocha.

Go deimhin, ní dhearna siad ach toradh an imscrúduithe a dheimhniú, rud a léirigh éagothroime shealadach iar-TI idir éileamh agus soláthar mar a d'áirigh tionscal an Aontais (féach aithris (528) den Rialachán cinntitheach). Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go raibh a chinneadh bunaithe ar fhíorais iontaofa agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin. In aon chás, níl aon oibleagáid dhaingean ann chun fíorúcháin ar an láthair a dhéanamh chun glacadh le sonraí a chuirtear ar fáil más féidir leis an gCoimisiún deimhniú dó féin go bhfuil siad iontaofa.

(34) Tar éis an nochta, mhaígh EA agus Elval nach raibh aon éagothroime ann idir éileamh agus soláthar. I ndáil leis sin d'áitigh EA agus Elval gur léirigh an méadú ar tháirgeacht, acmhainneacht agus díolacháin san Aontas le linn na tréimhse iar-TI go raibh tionscal an Aontais in ann soláthar don mhargadh. Lena chois sin, d'áitigh EA gur chainníochtaigh na figiúirí sin an méadú ar sholáthar agus an acmhainneacht atá ar fáil le haghaidh soláthair níos mó arís. Ar an mbonn sin, mhaígh EA nár thacaigh na fíorais ar chomhad, ar a bhfuil an cinneadh maidir le fionraí bunaithe, le conclúid an Choimisiúin a luaitear in aithris (29) nach bhfuil tionscal an Aontais *"in ann freastal ar an éileamh méadaitheach le roinnt míonna anuas"*.

(35) Go háirithe, mhaígh EA gur bhréagnaigh measúnú an Choimisiúin a luaitear in aithris (29) gur laghdaigh tionscal an Aontais a acmhainneacht roimhe, gur bhréagnaigh sé na torthaí a tuairiscíodh i dTábla 6 den Rialachán cinntitheach a léirigh laghdú beag acmhainneachta idir 2018 agus TI. Ar an mbonn sin, mhaígh sé go raibh toradh an Choimisiúin bunaithe ar earráid fhollasach measúnaithe maidir le héabhlóid acmhainneacht táirgeachta an Aontais agus gur tháinig méadú 15 % breise ar an acmhainneacht táirgeachta tar éis na tréimhse imscrúdaithe, rud a d'fhág acmhainneacht bhreise de 490 míle tona ar bhonn bliantúil. Thairis sin, mhaígh EA go bhfuil a lán foinsí soláthair eile ann seachas an tSín.

(36) Níor chomhaontaigh an Coimisiún le maímh EA ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, bhain an acmhainneacht a tuairiscíodh don tréimhse a breithníodh, agus don tréimhse imscrúdaithe go háirithe, le hacmhainneacht theoiriciúil. Bhí an acmhainneacht theoiriciúil níos airde ná an acmhainneacht ghníomhach/fhoireannaithe mar nár chuir sé san áireamh laghduithe in acmhainneacht iarbhír mar thoradh ar laghdú ar an bhfostaíocht de dheasca dhianghlasáil phaindéim Covid-19, mar shampla, agus mar a thuairiscigh príomhtháirgeoirí áirithe de chuid an Aontais. Go háirithe, thuairiscigh tionscal an Aontais gur laghdaigh sé líon na sealanna oibre le linn phaindéim Covid-19, agus nuair a tháinig athphreabadh faoin éileamh, thóg sé níos faide ar chuideachtaí an fhoireann ba ghá a athfhostú agus a thraenáil chun an acmhainneacht a bhí ar fáil a úsáid. Ar an dara dul síos, mar a luaitear in aithris (31), ba é an ganntanas alúmanaim leathchríochnaithe agus alúmanaim phríomhúil ba chúis leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh freisin, rud a laghdaíonn an acmhainneacht iarbhír atá ar fáil. Ar an tríú dul síos, d'aithin tionscal an Aontais é féin go raibh éagothroime shealadach idir soláthar agus éileamh mar a luaitear in aithris (528) den Rialachán cinntitheach. Dheimhnigh roinnt páirtithe leasmhara an éagothroime shealadach sin freisin ina bhfreagraí ar na hiarrataí ar fhaisnéis maidir le fionraí agus ina mbarúlacha ar an nochtadh inar tuairiscíodh go raibh méadú suntasach tagtha ar agaí tionscanta tar éis na tréimhse imscrúdaithe agus go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais tar éis lánacmhainn orduithe a shroicheadh le haghaidh 2021 agus an chéad leath de 2022 ar a laghad (féach aithrisí (23) agus (30) thuas). I gcás cuid de na gnéithe thuas amhail agaí tionscanta méadaithe, deimhníonn foinsí margaidh neamhspleácha iad freisin ([6]). Ar an gceathrú dul síos, ní léiríonn an fhaisnéis ar chomhad gurb ann d'acmhainneacht bhreise atá ar fáil i dtíortha eile agus níor chuir EA aon fhianaise ar fáil chuige sin. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go raibh a chonclúid maidir leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh cruinn agus dhiúltaigh sé do mhaíomh EA.

(37) Freisin, chuir EA i gcoinne thoradh an Choimisiúin nach raibh tionscal an Aontais in ann freastal ar an éileamh méadaithe le roinnt míonna anuas. Go háirithe, thagair EA do líon méadaithe na n-orduithe a glacadh isteach le haghaidh AFRPanna uile (lena n-áirítear táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe) i ndeireadh 2020/i dtús 2021 agus don mhéadú ar an méid táirgeachta agus ar sheachadadh sa chéad ráithe agus sa dara ráithe de 2021 don táirge faoi imscrúdú. D'áitigh sé freisin go ndeachaigh leibhéal na n-orduithe, ón dara ráithe de 2021, i laghad go dtí leibhéal gar don chéad ráithe de 2020 agus gur léirigh sé sin cobhsú éilimh agus gurbh é an táscaire sin an meastachán ab fhearr ar chomhad den athrú tapa ar éileamh iar-TI. Ar an mbonn sin, d'áitigh sé go raibh tionscal an Aontais in ann freagairt go tapa don téarnamh eacnamaíoch iar-COVID agus freastal ar an éileamh méadaithe.

([6]) CRU Aluminium products Monitor, August 2021 report.

(38) I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú ar dtús go gcumhdaíonn raon feidhme na n-orduithe a glacadh isteach dá dtagraíonn EA táirge agus raon feidhme geografach i bhfad níos leithne ná raon feidhme an imscrúdaithe seo. Mar thoradh air sin, ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir é agus forbairtí táirgeachta agus díolachán an táirge faoi imscrúdú. Go háirithe, is ionann méid chomhfhreagrach na n-orduithe agus thart ar dhá oiread mhéid iomlán díolachán an táirge faoi imscrúdú ag tionscal an Aontais san Aontas. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún nach raibh brí le comparáid a dhéanamh idir táscairí a bhfuil difear chomh suntasach sin eatarthu maidir le táirge, raon feidhme geografach agus méid. Ar na cúiseanna céanna, is iad sin difir maidir le táirge, raon feidhme geografach agus méid, níor measadh go raibh an tagairt d'fhorbairt na n-orduithe sa dara ráithe de 2021 iomchuí, i.e. táscaire réamhbhreathnaitheach a bhaineann le táirgeacht agus seachadadh amach anseo, chun údar a thabhairt le cumas thionscal an Aontais an táirge faoi imscrúdú a sholáthar sa tréimhse tar éis dheireadh na TI.

(39) Thairis sin, mheas an Coimisiún gur bhréagnaigh maíomh EA nach raibh tionscal an Aontais in ann freastal ar an éileamh reatha le roinnt míonna anuas, gur bhréagnaigh sé ráiteas EA a luaitear in aithris (528) den Rialachán cinntitheach go raibh éagothroime shealadach idir éileamh agus soláthar, agus leis an líon mór faisnéise ar chomhad a léirigh méadú ar agaí tionscanta, nach bhféadfaí dul níos faide ná comhaontuithe conarthacha agus an chaoi a raibh táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais tar éis lánacmhainn orduithe a shroicheadh le haghaidh 2021 agus an chead leath de 2022. Ar an mbonn sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh EA.

(40) Tar éis an nochta, léirigh EA amhras faoi thoradh an Choimisiúin go raibh méadú tagtha ar agaí tionscanta mar a luaitear in aithris (30) agus d'iarr sé an fhoinse a úsáideadh chun teacht ar an gconclúid sin. D'áitigh EA freisin nár iarradh ar thionscal an Aontais an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus nár tugadh an deis dó barúil a thabhairt maidir leis na maímh sin.

(41) I ndáil leis sin, léiríodh leis na barúlacha, a bhí ar oscailt lena n-iniúchadh ag páirtithe leasmhara, a chuir úsáideoirí agus allmhaireoirí áirithe isteach mar thoradh ar iarraidh an Choimisiúin mar a luaitear in aithris (5), léiríodh leo méadú ar agaí tionscanta. Tacaíodh le roinnt díobh le fianaise íogair i bhfoirm malartuithe ríomhphoist agus deimhníodh iad le foilseachán CRU dar dáta an 5 Lúnasa 2021 ar tháirgí Alúmanaim. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún go raibh an deis ag tionscal an Aontais barúil a thabhairt maidir le barúlacha na bpáirtithe eile. Níor chuir tionscal an Aontais fianaise thacaíochta ar fáil, áfach, chun na hagaí tionscanta méadaithe sin a chonspóid. A mhalairt go deimhin, mar a luaitear in aithris (528) den Rialachán cinntitheach, bhí tionscal an Aontais tar éis aithint cheana gurbh ann dóibh. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(42) Tar éis an nochta, mhaígh EA agus Elval nár léiríodh éabhlóid phraghas an alúmanaim agus phréimh alúmanaim ach go páirteach sa mheánphraghas díola le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus gur ghlac tionscal an Aontais cuid den mhéadú ar an bpraghas agus gur réasúnta an rud méadú 2,4 % nuair a chuirtear 2017 i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021 agus nár thug sin údar leis an toradh gur tháinig athrú ar dhálaí margaidh.

(43) Chomhaontaigh an Coimisiún nár chuir tionscal an Aontais an méadú ar phraghas alúmanaim agus préimh alúmanaim ar aghaidh chuig a chustaiméirí go hiomlán. Mar sin féin, chun comparáid fhóinteach a dhéanamh idir praghsanna iar-TI agus iad siúd a bhí ann le linn na TI, mheas an Coimisiún gur cheart an chomparáid a dhéanamh go háirithe idir deireadh an imscrúdaithe agus an tréimhse is déanaí. Ar an mbonn sin, mar a luaitear in aithris (23), ríomh an Coimisiún méadú 6,5 % ar phraghsanna idir an tréimhse imscrúdaithe agus an chéad seimeastar de 2021. I bhfianaise go raibh meánphraghas na TI níos airde ná an praghas ag deireadh na tréimhse imscrúdaithe i bhfianaise éabhlóid LME, measadh gur suntasach an méadú coimeádach 6,5 % ar phraghsanna. Thairis sin, de bharr go ndéantar formhór na ndíolachán de bhun conarthaí fadtéarmacha, measadh nár léiriú iomlán méadú den sórt sin ar phraghsanna ar chomh mór atá an méadú ar phraghsanna is féidir a bheith ag dréim leis i bhfianaise na fianaise ar mhéadaithe ar phraghsanna a chuir páirtithe leasmhara éagsúla ar fáil. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gur thug an méadú ríofa ar phraghsanna údar leis an toradh gur tháinig athrú sealadach ar dhálaí margaidh agus dhiúltaigh sé do mhaíomh EA.

(44) Tar éis an nochta, mhaígh EA go raibh an Coimisiún tar éis measúnú a dhéanamh ar staid an éilimh agus an tsoláthair le haghaidh AFRPanna AHEX don tréimhse 2021-2026 agus go raibh, *a fortiori*, scrúdú ar an staid iar-TI san áireamh i measúnú den sórt sin, inarbh fhéidir le hacmhainn réamh-mheasta thionscal an Aontais agus le hallmhairí réamh-mheasta ó thríú tíortha an t-éileamh réamh-mheasta a ghlacadh.

(45) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Go deimhin, mar a luaitear in aithris (56) den Rialachán cinntitheach, d'aithin tionscal an Aontais é féin gurbh ann d'fhadhbanna acmhainneachta sealadacha nasctha leis an téarnamh tobann láidir iar-Covid-19. Thairis sin, chuir úsáideoirí in earnáil AFRPanna AHEX fianaise ar fáil faoi chuimsiú an phríomhimscrúdaithe agus an imscrúdaithe maidir le fionraí araon, rud a léirigh gurbh ann d'éagothroime shealadach idir soláthar agus éileamh tar éis na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(46) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháinig athrú ar dhálaí margaidh tar éis na tréimhse a breithníodh sa Rialachán cinntitheach. Bíodh sin mar atá, ba de chineál sealadach an t-athrú ar dhálaí margaidh (seachas athruithe struchtúracha) agus is dócha go ndéanfaí soláthar agus éileamh a ailíniú arís tar éis fhionraí sealadach na mbeart.

### 3. **DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS I gCÁS FIONRAÍ**

(47) Tháinig méadú suntasach ar an sciar den mhargadh de dheasca an mhéadaithe ar dhíolacháin ag tionscal an Aontais, agus tháinig laghdú suntasach ar allmhairí na Síne. I bhfianaise an leibhéil éilimh, i bhfianaise gur athraigh roinnt mhaith úsáideoirí go dtí tionscal an Aontais agus i bhfianaise chineál na gconarthaí (líon an-bheag orduithe SPOT), ní dócha go gcaillfeadh tionscal an Aontais gnó suntasach de bharr onnmhaireoirí na Síne dá gcuirfí bearta ar fionraí ar feadh 9 mí.

(48) Thairis sin, mheas an Coimisiún go dtabharfadh an fionraí 9 mí tréimhse bhreise do na húsáideoirí sin a d'iarr go n-eisiafaí táirgí áirithe chun táirgeoirí de chuid an Aontais a (ath)bhailíochtú agus aistriú rianúil a áirithiú ó fhoinse soláthair Shíneach go foinse soláthair de chuid an Aontais, más gá.

(49) Cé nár bhain an tionscal leibhéal brabúis 2017 amach, is dócha go leanfaidh an treocht dhearfach a tionscnaíodh in 2021 ar aghaidh go ceann tamaill go dtí go gcuirfear na dálaí margaidh in oiriúint don staid iar-Covid-19. Mar a tharlaíonn sé, bhí líon bliantúlaithe orduithe ([7]) thionscal an Aontais ar an leibhéal ab airde sa chéad ráithe de 2021 ó bhí 2015 ann. Bhí leibhéal bliantúlaithe na n-orduithe sa dara ráithe de 2021 ní b'ísle ná an chéad ráithe ach bhí sé fós coibhéiseach le leibhéal 2017/2018. Thairis sin, mar a luaitear in aithris (23), de réir faisnéise a chuir roinnt úsáideoirí isteach, thuairiscigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais go raibh siad lán go dtí, ar a laghad, an chéad leath de 2022. Tugann sé sin deimhniú maidir leis an leibhéal gníomhaíochta i dtionscal an Aontais sna míonna amach romhainn. Ina theannta sin, de bharr go ndéantar formhór na ndíolachán de bhun conarthaí ina bhfuil sásraí praghsanna, ní dhéanfaidh an méadú a thiocfaidh ar allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse fionraí na mbeart difear don leibhéal ioncaim le haghaidh thionscal an Aontais, mar go gcuimseoidh na méideanna sin éileamh nach féidir le tionscal an Aontais a shásamh faoi láthair den chuid is mó. Ar deireadh, chomh fada a bhaineann le héabhlóid na bpraghsanna le haghaidh ábhar príomhúil agus táirgí críochnaithe, mheas an Coimisiún go gcuirfeadh na sásraí socraithe praghsanna is infheidhme i gcás formhór mór na gconarthaí ar chumas thionscal an Aontais méaduithe ar phraghsanna a aistriú chuig a gceannaitheoirí, más gá. Úsáid fhorleathan sásraí fálaithe chun treocht praghais bunábhair a chur san áireamh, sin ráthaíocht eile nach gcuirfeadh éagsúlachtaí praghais bunábhair go mór as do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nach ndéanfadh an fionraí ar na bearta difear d'fheidhmíocht fhoriomlán thionscal an Aontais sna míonna atá amach romhainn.

(50) Tar éis an nochta, mhaígh EA go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe nuair a chuir sé na bearta ar fionraí trí phróiseas imscrúdaithe faoi dheifir, próiseas a rinne neamhaird de na rialacha próise cuí, den dea-rialachán agus d'fhíorú na bhfíoras. Thairis sin, mheas EA go raibh an damáiste suntasach do thionscal an Aontais intuartha mar go mbeadh ar tháirgeoirí de chuid an Aontais a bpraghsanna a laghdú ar leibhéil caillteanais chun dul in iomaíocht le hallmhairí dumpáilte ón tSín agus sciar den mhargadh a chailleadh le táirgeoirí sa tSín. Mhaígh EA freisin go gcuirfeadh fionraí na mbeart bac ar úsáid acmhainneacht táirgeachta neamhúsáidte thionscal an Aontais, go gcruthódh sé neamhchinnteacht agus easpa infheictheachta, rud a spreagfadh athbhreithniú ar chinntí infheistíochta agus a mbeadh níos lú post, níos lú láimhdeachais agus níos lú brabúis mar thoradh air. Mar thaca leis an éileamh sin, chuir EA ráiteas ar fáil ó tháirgeoir de chuid an Aontais ina ndéantar tagairt do thairiscint phraghais líomhnaithe le haghaidh seachadta i mí Eanáir 2022.

([7]) Tá líon na n-orduithe ina mhodh chun measúnú a dhéanamh ar ioncam a ghinfear amach anseo mar go bhfuil sé comhionann le méid na n-orduithe a phróiseáiltear laistigh de thréimhse chuntasaíochta áirithe. Sa chás atá faoi chaibidil, níl an táscaire sin teoranta don Aontas agus clúdaíonn sé táirgí lasmuigh den raon feidhme.

(51) Níor chomhaontaigh an Coimisiún le maíomh EA go ndearna sé earráid fhollasach measúnaithe agus go ndearna sé neamhaird de rialacha próise cuí, den dea-rialachán agus d'fhíorú na bhfíoras. I ndáil leis sin, déantar tagairt d'aithrisí (9) agus (14) inar bhréagnaigh an Coimisiún na héilimh i leith chearta na bpáirtithe leasmhara, agus d'aithris (33) chomh fada a bhaineann le gnéithe fíoraithe.

(52) Chomh fada a bhaineann le measúnú ar na fíorais, thug an Coimisiún dá aire nár chuir EA ina aghaidh agus nár chuir sé fianaise tacaíochta ar fáil a bhainfeadh an bonn de réasúnú an Choimisiúin a luaitear in aithrisí (47) go (49) maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís le linn na tréimhse fionraí. Maidir leis an ngar-dhamáiste intuartha líomhnaithe, mar a luaitear in aithris (49), mheas an Coimisiún nach ndéanfadh líon méadaithe na n-allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse fionraí na mbeart difear do thionscal an Aontais, mar go gcuimseodh na méideanna sin éileamh nach féidir le tionscal an Aontais a shásamh faoi láthair den chuid is mó. Thairis sin, mheas an Coimisiún nár léirigh an ráiteas ó tháirgeoir amháin de chuid an Aontais an difear a rinneadh do thionscal an Aontais ina iomláine le linn na tréimhse fionraí.

(53) Rud nach beag a thábhacht, tá teorainn ama 9 mí le fionraí na mbeart agus féadfar na bearta a chur i bhfeidhm arís go tapa má thagann allmhairí de thionscnamh na Síne isteach san Aontas i méideanna den sórt sin a bhfuil méadú fúthu agus má dhéanann siad díobháil do thionscal an Aontais. Ar bhonn an mhéid a tuairiscíodh thuas, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(54) Tar éis an nochta, mhaígh Elval gur tháinig an cinneadh bearta a chur ar fionraí salach ar thorthaí an nochta deiridh. Sa nochtadh deiridh thángthas ar an gconclúid go ndearnadh díobháil do tháirgeoirí de chuid an Aontais cheana féin thar thréimhse fhada. I dtuairim Elval, de bharr an chinnidh bearta a chur ar fionraí d'fhéadfadh insreabhadh allmhairí teacht ón tSín agus dhéanfaí damáiste suntasach don slabhra soláthair amach anseo.

(55) Mheas an Coimisiún nach raibh fiúntas leis an maíomh sin mar go raibh an tréimhse anailíse don chéad phríomhimscrúdú (2017 – Meitheamh 2020) agus an tréimhse don chinneadh maidir le fionraí (Iúil 2020 – Meitheamh 2021) éagsúil óna chéile agus go bhféadfadh an Coimisiún teacht ar chonclúidí éagsúla dá bhrí sinn ar bhonn na sonraí a breithníodh i ngach tréimhse. Thairis sin, mar a luaitear in aithrisí (47) go (49), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh fionraí na mbeart difear d'fheidhmíocht fhoriomlán thionscal an Aontais sna míonna atá le teacht, ar bhonn na dtreochtaí dearfacha a tugadh faoi deara don tréimhse (Iúil 2020 – Meitheamh 2021). In éagmais gnéithe níos sonraí maidir leis sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(56) Bunaithe ar a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún nach dócha go dtarlóidh an díobháil arís le linn na 9 mí, má chuirtear na bearta ar fionraí.

## 4. **COMHAIRLIÚCHÁN THIONSCAL AN AONTAIS**

(57) Maidir leis an gcuireadh ón gCoimisiún barúil a thabhairt ar fhionraí féideartha na mbeart, mhaígh tionscal an Aontais gur méadú sealadach an méadú atá tagtha ar éileamh agus gur léir go raibh moilliú geilleagair ar siúl go háirithe in earnáil na ngluaisteán. D'áitigh tionscal an Aontais freisin go ndéanfaí stoc-charnadh ollmhór agus go mbainfí an bonn d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart mar thoradh ar na bearta a chur ar fionraí. Dá réir sin, mhaígh sé go gcuirfeadh fionraí na mbeart na hiarrachtaí caomhnaithe tionscanta i mbaol.

(58) I bhfianaise forbairt phríomhtháscairí díobhála thionscal an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdaithe, úsáide measta acmhainne agus na leabhar orduithe, mheas an Coimisiún nár dhócha go mbeadh an fionraí díobhálach do thionscal an Aontais ná go gcuirfeadh sé na hiarrachtaí caomhnaithe tionscanta i mbaol.

(59) Thairis sin, i bhfianaise leibhéal ard na bpraghsanna faoi láthair agus an ardéilimh laistigh agus lasmuigh den Aontas, mheas an Coimisiún nach raibh ach riosca íseal ann de stoc-charnadh allmhairí ón tSín. Cuireann an méadú suntasach ar chostais mhuirlasta, a tháinig de bharr an téarnaimh iar-COVID, bac ar stoc-charnadh freisin.

(60) Thar aon ní eile, dá dtiocfadh allmhairí de thionscnamh na Síne isteach san Aontas i méideanna méadaithe a dhéanfadh díobháil do thionscal an Aontais, d'fhéadfaí bearta a chur i bhfeidhm arís go tapa i gcomhréir le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fhorbairt allmhairí an táirge lena mbaineann agus freagróidh sé láithreach d'aon athrú sa staid ar tugadh tuairisc uirthi sa chinneadh seo de réir mar is iomchuí.

(61) I ndáil leis sin, beidh rochtain ar an gcomhad oscailte fós ar fáil trí TRON tar éis dréachtghníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun go mbeifear in ann faisnéis nua a chur isteach go tráthúil.

## 5. **LEAS AN AONTAIS**

(62) Tar éis an nochta, mhaígh EA gur theip ar an gCoimisiún a chinneadh go raibh sé chun leas an Aontais na bearta frithdhumpála cinntitheacha a chur ar fionraí trí mheasúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bheadh ann dá gcuirfí na bearta i bhfeidhm nó mura gcuirfí i bhfeidhm iad chun leas thionscal an Aontais é féin agus chun leasa úsáideoirí iartheachtacha. Thairis sin, mhaígh EA gur iarracht threallach a bheadh in aon iarracht chun aghaidh a thabhairt ar an earráid fhollasach dlí sin a rinneadh agus Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm, agus gur sárú ar phróis chuí a bheadh ann.

(63) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis sin. Baineann aon mheasúnú faoi Airteagal 14(4) go bunúsach le measúnú ar leas an Aontais. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún measúnú ar leas an Aontais trí leas na n-úsáideoirí iartheachtacha, atá bunaithe ar ghnéithe a luaitear in aithrisí (30) agus (48), a chothromú le leas thionscal an Aontais mar a luaitear in aithrisí (49) agus (54), a bhaineann leis an anailís ar an dóchúlacht. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas an Aontais na bearta a chur ar fionraí. Dá thoradh sin, is amhlaidh a rinne an Coimisiún anailís ar leas an Aontais de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(4). Déantar tagairt freisin do chinntí maidir le fionraí a rinneadh roimhe ([8]) inar lean an Coimisiún an cur chuige céanna. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

## 6. **AN COMHGHAOL IDIR FIONRAÍ AGUS FORCHUR NA mBEART**

(64) Tar éis an nochta, mhaígh EA nach raibh aon cheanglas dlí ann chun bailiú na ndleachtanna a chur ar fionraí ar an dáta céanna a forchuireadh na dleachtanna a d'eascair ó chonclúid an imscrúdaithe a tionscnaíodh de bhun Airteagal 5 den bhun-Rialachán. I ndáil leis sin, mhaígh sé go raibh a chearta mar pháirtí leasmhar á laghdú ag cleachtas den sórt sin.

(65) Chomhaontaigh an Coimisiún le pointe tosaigh mhaíomh EA. Faoi Airteagal 14(4) tá lánrogha ag an gCoimisiún maidir leis an uair a chinneann sé bearta a chur ar fionraí. Dá bhrí sin, níl aon oibleagáid ann chun bearta a chur ar fionraí an lá céanna a chuirtear deireadh leis an imscrúdú a raibh forchur na mbeart mar thoradh air. Bíodh sin mar atá, ní chuireann an lánrogha sin cosc ar an gCoimisiún na bearta a chur ar fionraí an lá céanna a fhorchuirtear iad. Is é sin le rá gur mheas an Coimisiún go bhfuil lánrogha aige maidir leis an uainiú iomchuí chun gníomhú i ndáil leis sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 14(4). Ar an dul céanna, agus mar a luaitear in aithris (8), mheas an Coimisiún go raibh na sprioc-amanna le haghaidh barúlacha réasúnta agus nár laghdaíodh cearta EA mar pháirtí leasmhar.

(66) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh EA nach ndearnadh an cinneadh maidir le fionraí mar gheall ar leas an Aontais agus mhaígh sé gur chosúil gurbh é an príomhspreagadh don chinneadh maidir le fionraí an toil chun teacht ar chur chuige malartach maidir le hiarrataí nár éirigh leo ag roinnt úsáideoirí chun fochatagóirí áirithe do AFRPanna a eisiamh ón raon táirge. I ndáil leis sin, thagair EA don iarraidh maidir le fionraí ó Valeo. Thairis sin, mhaígh EA go n-osclófaí an margadh le haghaidh soláthair earraí dumpáilte de bharr na fionraí, ní hamháin le haghaidh na dtáirgí ar iarradh eisiamh lena n-aghaidh ach freisin le haghaidh táirgí eile sa raon feidhme.

(67) Níor chomhaontaigh an Coimisiún le maíomh EA. Mar a luaitear in aithris (63), is amhlaidh, go deimhin, gurbh é a spreag cinneadh an Choimisiúin chun na bearta a chur ar fionraí forais leas an Aontais, forais a bhíonn ag brath ar dhálaí margaidh a bhfuil athrú sealadach tagtha orthu agus ar an easpa dóchúlachta go ndéanfar díobháil arís ar fhionraí na mbeart. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nach raibh feidhm ag an athrú sealadach ar dhálaí margaidh maidir le fochatagóirí áirithe táirgí do AFRPanna ach maidir leis an margadh AFRP ina iomláine. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(68) Tar éis an nochta, mhaígh EA agus Elval go gcuirfeadh an fionraí in iúl nach bhfuil an Coimisiún ag cur i gcoinne allmhairí d'alúmanam gualbhunaithe a bhfuil lorg ard $CO_2$ ag roinnt leis chun leasa táirgeoirí de chuid an Aontais atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus go raibh iarrachtaí thionscail an Aontais chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a thabhairt i gcrích á gcur i mbaol ag an gcinneadh sin, trí chaillteanas infheistíochta.

([8]) IO L 126, 13.2.2010 in aithris (10) agus IO L120, 15.5.2009 in aithris (7)

(69) Níor chomhaontaigh an Coimisiún le maíomh EA agus mheas sé go ndearnadh an cinneadh chun na bearta a chur ar fionraí chun leasa an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí margaidh a bhfuil athrú sealadach tagtha orthu agus chun a áirithiú go mbeadh éileamh agus soláthar ar comhardú arís sa ghearrthéarma. Ar an mbonn sin, níor mheas an Coimisiún go gcuirfeadh an fionraí na hiarrachtaí a rinne tionscail an Aontais, agus tionscal AFRP an Aontais go háirithe, i mbaol ós rud é gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár dhócha go ndéanfaí díobháil arís mar thoradh ar fhionraí sealadach na mbeart, mar a luaitear in aithris (54). Ina theannta sin, déanfar dlúthfhaireachán ar an gcinneadh maidir le fionraí go gcuirfear deireadh leis láithreach má úsáidtear an fionraí sin chun méideanna allmhairí a mhéadú ar bhealach a dhéanfadh tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais le linn na tréimhse fionraí. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

## 7. **BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE EILE**

(70) Tar éis an nochta, chuir na páirtithe seo a leanas a dtacaíocht d'fhionraí na mbeart in iúl: na húsáideoirí Valeo, TitanX, Airoldi agus TDK Hungary Components Kft ("TDK HU"), an táirgeoir sampláilte onnmhairiúcháin Xiamen Xiashun Aluminium Foil Co., Ltd. ("Xiamen Xiashun"), an Comhlachas Eorpach Allmhaireoirí Miotal Neamh-chomhtháite (EURANIMI), agus an t-allmhaireoir O. Wilms GMBH ("Nilo").

(71) Ní mó ná sásta a bhí roinnt de na páirtithe sin le fad 9 mí an fhionraí agus d'áitigh siad go mbeidh níos mó ama de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar chúinsí sealadach an mhargaidh a sainaithníodh in aithrisí (30)-(31) thuas, mar nach dócha go réiteofar iad laistigh de 9 mí. Go háirithe, d'áitigh siad gur féidir nach cúinsí sealadacha iad na cúinsí i gceist ach go bhféadfaidh siad leanúint ar aghaidh i bhfad tar éis na tréimhse 9 mí. Thug an Coimisiún faoi deara gurb ionann an fad 9 mí agus an uastréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán. Ní fhéadfar síneadh a chur leis an bhfad sin ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile a shonraítear san Airteagal céanna tar éis na tréimhse sin.

(72) Tar éis an nochta, d'áitigh Xiamen Xiashun gur dearbhaíodh leis an togra maidir le fionraí, agus go háirithe le torthaí an Choimisiúin in aithris (30) thuas maidir leis an éagothroime atá ann faoi láthair idir éileamh agus soláthar ar mhargadh an Aontais, gur cheart anailís dheighilte le haghaidh stoc scragaill a bheith déanta agus, dá thoradh sin, ba cheart stoc scragaill a eisiamh ó raon táirge na mbeart cinntitheach. Rinne an Coimisiún tagairt den chéad uair dá thorthaí i Roinn 2.2.8 den rialachán cinntitheach inar mheas sé nach bhfuil údar le hanailís dheighilte agus inar dhiúltaigh sé don iarraidh sin ar eisiamh táirgí. An éagothroime atá ann faoi láthair idir soláthar agus éileamh a shainaithin an Coimisiún, baineann sí leis an táirge faoi imscrúdú ina iomláine agus ní le cineál áirithe táirge, amhail stoc scragaill, agus ní dhearnadh anailís ar an tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdaithe sa rialachán cinntitheach. Shuigh an Coimisiún, freisin, gur éagothroime shealadach a bhí san éagothroime i gceist agus gur fearr a rachadh fionraí na mbeart i ngleic léi dá réir. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(73) Tar éis an nochta, chomhaontaigh roinnt úsáideoirí agus allmhaireoirí le torthaí an Choimisiúin maidir leis an athrú sealadach a sainaithníodh i ndálaí margaidh a luaitear in aithrisí (23) go (28); a mheasúnú maidir leis an riosca teoranta de stoc-charnadh (aithris (59) thuas); agus a chonclúid maidir leis an dóchúlacht go ndéanfar díobháil arís le linn na tréimhse fionraí (aithris (54) thuas). Go háirithe, rinne roinnt úsáideoirí tagairt don chaoi a bhfuil conarthaí fadtéarmacha nua ann le táirgeoirí de chuid an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdaithe, rud a chuirfeadh cosc ar dhíobháil arís, i gcomhar le treochtaí dearfacha eile ar an margadh (méadú ar éileamh agus ar úsáid acmhainneachta agus brabúsacht fheabhsaithe). Ina theannta sin, léirigh roinnt úsáideoirí go raibh siad in amhras an gcuirfear acmhainneacht bhreise thionscal an Aontais ar fáil le linn na tréimhse fionraí agus d'áitigh siad freisin go bhféadfadh sé nach leor an tréimhse i gceist chun an próiseas bailíochtaithe a chur i gcrích.

(74) Maidir leis na torthaí ar acmhainneacht bhreise, mheas an Coimisiún go gcuirfí ar chumas thionscal an Aontais, leis an moilliú is léir dúinn in earnáil na ngluaisteán sna míonna atá le teacht, tuilleadh acmhainneachta a leithdháileadh ar tháirgeadh an táirge faoi imscrúdú ionas go bhféadfar athchothromú a dhéanamh idir soláthar agus éileamh.

(75) Maidir leis an maíomh nach bhfuil dóthain ama ann chun an próiseas bailíochtaithe a chur i gcrích, thug an Coimisiún faoi deara nár fhan mórúsáideoirí áirithe ar fhionraí na mbeart, mar a shonraítear in aithris (133) den rialachán cinntitheach, chun athrú ó sholáthraithe Síneacha go soláthraithe de chuid an Aontais agus dá bhrí sin thionscain siad (ath)bhailíochtú tháirgeoirí de chuid an Aontais. Thairis sin, rinne an Coimisiún tagairt dá thorthaí in aithrisí (136) agus (137) den rialachán cinntitheach maidir le cóimhiotail choibhéiseacha agus défhoinsiú a bheith ann, faoi seach. Thairis sin, is san Aontas a cheannaíonn formhór na n-úsáideoirí a AFRPanna agus dá bhrí

sin tá caidreamh gnó acu cheana féin le táirgeoir amháin nó le roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais. Tacaíonn na gnéithe sin leis an gcinneadh go bhféadfaí athrú rianúil a dhéanamh ó sholáthraithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne go táirgeoirí de chuid an Aontais i dtéarmaí bailíochtaithe nó athbhailíochtaithe tháirgeoirí de chuid an Aontais, de bharr na tréimhse fionraí. Dá bhrí sin, is dócha go dtógfaidh an (t-ath)bhailíochtú níos lú ama ná próiseas bailíochtaithe lánfheidhme nua. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(76) Tar éis an nochta, d'áitigh TDK HU go mbeidh fadhb easpa acmhainneachta an táirge faoi imscrúdú a úsáidtear chun toilleoirí leictrealaíoch alúmanaim a tháirgeadh, go mbeidh an fhadhb sin fós ann tar éis na tréimhse 9 mí mar nach bhfuil an cineál sonrach táirge sin á tháirgeadh san Aontas faoi láthair. Ina theannta sin, ní dócha go mbeidh tionscal an Aontais in ann ceann a bhunú agus is féidir go dtógfaidh an próiseas bailíochtaithe tamall fada. Thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil na conclúidí a rinneadh in aithrisí (217) go (240) den rialachán cinntitheach fós bailí le haghaidh torthaí an chinnidh seo. Go háirithe, níor cuireadh aon fhianaise nua ar fáil chun na conclúidí a dhéantar ann a mhodhnú nach raibh an Coimisiún in ann, in éagmais freagraí ar an gceistneoir agus an fhianaise riachtanach a ghabhann leo, measúnú fóinteach a dhéanamh ar mhaímh TDK HU agus na bpáirtithe eile lena mbaineann ar bhonn beart caighdeánach d'fhaisnéis chomhdaithe leordhóthanach thráthúil. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún an maíomh.

## 8. **CONCLÚID**

(77) I bhfianaise gur athrú sealadach an t-athrú atá tagtha ar dhálaí margaidh maidir le héileamh agus soláthar, agus i bhfianaise na héagothroime atá ann faoi láthair idir éileamh agus soláthar ar mhargadh an Aontais go háirithe, mar aon le hionchais thionscal an Aontais do na míonna atá le teacht, meastar nach dócha go ndéanfar díobháil d'allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arís de dheasca na fionraí. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta frithdhumpála a forchuireadh leis an rialachán cinntitheach a chur ar fionraí ar feadh tréimhse 9 mí.

(78) Dá dtiocfadh athrú dá réir sin ar an staid ba chúis leis an bhfionraí, d'fhéadfadh an Coimisiún fionraí na mbeart frithdhumpála a aisghairm láithreach. De thoradh ar mholadh a d'eisigh an tOifigeach Éisteachta ag an éisteacht an 8 Meán Fómhair 2021, chinn an Coimisiún freisin córas iarfhaireacháin oibríochtúil a bhunú, ina bhféadfaidh páirtithe leasmhara a aird a tharraingt ar fhorbairtí ábhartha sa mhargadh ar bhonn rialta —

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ar allmhairí táirgí alúmanaim cothromrollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, cuirtear ar fionraí í leis seo ar feadh tréimhse 9 mí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN